

## ***Fearann Nua Focal***

Jamie Murphy agus Ciarán Mac Murchaidh

Déanfar plé san aiste seo ar choincheap a dtugtar sa téarmaíocht ‘méadú réimse’ agus ‘laghdú réimse’ air (i.e. ‘domain gain’ agus ‘domain loss’). Dar le Laurén et al (2002), is é seo a leanas atá i gceist leis sin: ‘loss of ability to communicate in a language on all levels of an LSP field because of deficient further development of the necessary LSP resources.’

Tháinig an coincheap i réim sna 1990idí sna tíortha Nordacha den chuid is mó ach go gairid ina dhiaidh sin, thosaigh saineolaithe téarmeolaíochta ag cur suim mhór ann. De thoradh an phlé sin, tháinig an téarma ‘concas réimse’ chun cinn agus nascadh ‘pleanáil teanga’ leis an gceist mar bhealach chun easnamh i dteanga ar leith a líonadh. I réimse an aistriúcháin agus na teangeolaíochta, baintear úsáid as ‘Teanga Shainfheidhme’ (TSF) nó ‘Language for Specific Purposes’ (LSP) le cur síos a dhéanamh ar úsáid teanga i dtaca le feidhmeanna ar leith – san oideachas, sa reachtaíocht, agus sa riarachán, *inter alia* – agus chun an gá atá ann le foclaíocht, téarmaíocht agus áiseanna ar leith i dteanga a chur ar fáil sa dóigh gur féidir leis an teanga bláthú agus feidhmiú sna réimsí sin.

Gan dul i bhfad scéil le cás na Gaeilge, is cineál paradacs atá ann. Cé gur mionteanga í, tá stádas oifigiúil aici in Éirinn agus san Eoraip, rud a chiallaíonn go ndéantar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Mar thaca leis an tionscadal dúshlánach sin a chur i gcrích ar bhonn laethúil, bíonn líon mór áiseanna agus acmhainní teanga de dhíth ar na páirtithe leasmhara uile chun an obair a dhéanamh go héifeachtach. Ó thaobh na téarmaíochta de, bunaíodh An Coiste Téarmaíochta, atá faoi scáth Fhoras na Gaeilge, chun téarmaíocht oifigiúil a sholáthar tríd an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta atá ar fáil ar [tearma.ie](http://tearma.ie) don phobal i gcoitinne. Is iontach an rud é go bhfuil áis mar sin ag an nGaeilge ionas gur féidir léi fanacht cothrom le dáta i réimsí den teicneolaíocht agus den nuálaíocht. Os a choinne sin, ní féidir leis an mbunachar téarmaíochta sin cos a choinneáil le gach uile théarma Béarla nua a thagann ar an bhfód agus a mhacasamhail sa Ghaeilge a chur ar fáil ar an toirt. Fágann sé sin gur gá breathnú ar chumadh téarmaíochta ar dhá bhealach: (1) bealach saintreorach ina gcuirtear na téarmaí ar fáil don phobal le gur féidir leo iad a úsáid nó (2) bealach tuairisciúil, cur chuige a bhraitheann ar an bpobal féin chun téarmaíocht agus foclaíocht a chumadh go nádúrtha sa chaint.

Is é a d’fhéadfadh eascairt as an gcur chuige tuairisciúil ná téarmaíocht a theacht chun cinn a d’fhéadfadh a bheith cliste nó ciotach. Ar a laghad ar bith, áfach, ciallaíonn cur chuige dá chineál go bhfuil téarma nó focal ar leith á úsáid ag an bpobal agus sa teanga féin. Maidir le téarmaíocht LADTA+ a scrúdaíodh mar chuid de bhuntaighde an ailt seo, is é an cur chuige atá ar bun ná meascán den dá bhealach sin .i. ionchur ón gCoiste Téarmaíochta agus ionchur ón bpobal mar chur chuige ó bhonn aníos. Ní go neamhspleách ar a chéile a mhaireann an dá chur chuige sin agus chun téarmaíocht i mionteanga a bhaineann le mionghrúpa den phobal a sholáthar, mar sin de, bíonn comhoibriú ón dá thaobh ag teastáil. Pléifear leis an gcur chuige sin i gcás na Gaeilge, na Gàidhlig agus na Breatnaise thíos.

Ó thaobh na Gaeilge de, cuireadh borradh mór faoi théarmaíocht LADTA+ nuair a foilsíodh an chéad eagrán den saothar, *An Foclóir Aiteach*, in 2018 arna mhaoiniú ag Transgender Equality Network Ireland (TENI). In ainneoin tuaipisí éagsúla san eagrán sin, réitigh

sé an bealach don phlé ar théarmaíocht LADTA+ sa Ghaeilge agus chuir sé daoine ag caint fúithi ar bhealach nach ndearnadh roimhe sin. Faoin am ar tugadh faoin dara heagrán, cé nach raibh ach tréimhse ama ghairid idir an dá cheann, tháinig plé mór sa mheá maidir le cúrsaí féiniúlachta, trasinscne, cearta na mban, srl., agus ba léir go raibh borradh faoi thopaicí éagsúla nár pléadh ar leibhéal chomh mór sin sa tír roimhe sin. A leithéid de chás a thugann ar ais muid chuig ‘méadú réimse’, cás a léiríonn an gá a bhaineann le téarmaíocht a sholáthar chun freastal ar phlé den saghas sin, mar aon leis an bhfoclaíocht agus an téarmaíocht chuí a bheith ag an bpobal chun an plé sin a éascú. Sa chás áirithe seo, bhí ionchur ón bpobal LADTA+ ar an gcéad dul síos sa chéad eagrán den fhoclóir ach bhí An Coiste Téarmaíochta in ann na téarmaí a iniúchadh, a choigeartú (sa chás gur ghá sin) agus a fhaomhadh bunaithe ar shaineolas bhaill an choiste féin agus ar choinbhinsiúin na teanga. Tháinig toradh fóna as an gcomhoibriú sin toisc go bhfuil os cionn 145 théarma ar fáil i réimse na gnéaseolaíochta anois sa Bhunachar Náisiúnta Téarmaíochta. Baineann formhór na dtéarmaí sin leis an réimse LADTA+. Cé go nglactar leis go mbaineann tairbhe mhór le comhoibriú den saghas sin, is fiú a chur san áireamh go mbíonn cleachtas eile i gceist sa Ghaeltacht agus i measc cainteoirí líofa lasmuigh di, agus is é sin an ‘códmhalartú’ nó ‘códmheascadh’. Cleachtas é sin ina n-úsáideann cainteoirí laethúla focail Bhéarla go nádúrtha ina gcuid cainte agus gnéithe moirfeolaíochta (amhail na hathruithe tosaigh ar fhocail) i bhfeidhm acu ag an am céanna, fiú. Cé gur nádúrtha a leithéid mar chleachtas, is gá idirdhealú a dhéanamh idir úsáid focal áirithe ar bhonn laethúil sa ghnáthchaint agus an cineál foclaíochta agus téarmaíochta a bhíonn ag teastáil sa reachtaíocht nó i gcáipéisíocht oifigiúil. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar an bpointe sin nuair is gá reachtaíocht faoi chearta LADTA+ nó mionghrúpaí eile, ar ndóigh, a réiteach.

Má bhreathnaítear ar chás na Gàidhlig, tá stádas théarmaíocht LADTA+ pas difriúil. Bunaithe ar fhigiúirí oifigiúla ó Dhaonáireamh 2011 in Albain, is cosúil go bhfuil tuairim is 57,000 cainteoirí dúchais ann, arb ionann sin agus thart ar 1% de dhaonra iomlán na tíre. I gcomparáid leis an nGaeilge, is beag stádas oifigiúil atá ag an nGàidhlig sa reachtaíocht. Cé gur ritheadh ‘Gaelic Language (Scotland) Act’ in 2005, is é a d’eascair as sin go príomha ná Bord na Gàidhlig a bunaíodh chun cás na teanga a stiúradh agus a bhainistiú sa tír. Níor tháinig aon cheart reachtach chun cinn de thoradh an Achta sin, áfach. Maidir le soláthar théarmaíocht LADTA+, is beag iarracht atá déanta, i gcoitinne, sa Ghàidhlig. Maidir leis na foclóirí is aitheanta ag dul siar 20 bliain nó mar sin, feictear go bhfuil an soláthar ar fhoclaíocht LADTA+ iontu an-ghann go deo.

- (1) Watson (2005) Béarla-Gàidhlig — ‘homosexual’ agus ‘lesbian’ (Níl an téarma ‘gay’ ar fáil.)
- (2) Watson (2001) Gàidhlig-Béarla — gan iontráil LADTA+ ar bith.
- (3) Robertson & MacDonald (2004) Béarla-Gàidhlig — ‘homosexual’, ‘gay’ agus ‘lesbian’ ar fáil.

Maíonn McEwan nár coincheapadh an téarma ‘gèidh’ go dtí go ndearnadh trácht ar Raidió BBC air. Ní hé go bhfuil aon rud nádúrtha leis an bhfocal sin, leoga, nó tá sé bunaithe go hiomlán ar an mBéarla ó thaobh na foghraíochta de. Seachas an téarma nuachumtha sin, ní raibh aon téarma Gàidhlig sa teanga ach amháin i gcruith masla. Cuireann McEwan in iúl go raibh tuairim is 6 fhocal mhaslacha sa Ghàidhlig don téarma ‘gay’, rud a thugann le fios a easnamhá a bhí an soláthar téarmaíochta sa teanga thar na blianta agus a léiríonn go soiléir an stádas íseal (nó an

easpa iomlán stadáis) i dtaca le cearta LADTA+ in Albain agus i dtíortha eile chomh maith — Éire ina measc. Leis an mbearna sin sa Ghàidhlig a líonadh, áfach, cuireadh tús le dhá mhionfhoclóir ina raibh 26 théarma a bhain le téarmaíocht LADTA+. Baineann an chéad cheann le McEwan féin agus is le Cumann na Mac Léinn Ceiltise ('Association of Celtic Students') an dara ceann.

Is fiú a lua, chomh maith, go bhfuil Equality Network Scotland ag obair ar mhionfhoclóir eile agus táthar ag súil go bhfoilseofar an áis sin am éigin i mbliana (2023). Cé gur fiú go mór na hiarrachtaí sin, léiríonn siad go follasach go raibh ar dhreamanna agus gníomhaireachtaí ar leith an bhunobair ar fad a dhéanamh de cheal aon chosaint reachtach nó oifigiúil a bheith ann. Amhail cás na Gaeilge, ní mhairfidh mionfhoclóirí den chineál seo ach amháin má bhíonn ionchur oifigiúil iontu ionas go gcoinneofar an téarmaíocht cothrom le dáta agus go ndéanfar í a chothabháil agus a chur ar fáil go poiblí ar bhonn leathan, leanúnach.

Tá cás na Breatnaise beagán níos fearr i gcomparáid leis an nGàidhlig. Bunaithe ar Dhaonáireamh 2021, tá timpeall 538,000 cainteoir laethúil sa Bhreatain Bheag, rud a léiríonn gurb í sin an teanga Cheilteach is láidre ó thaobh líon na gcainteoirí de. Ar an gcaoi chéanna leis an nGaeilge, tá cosaint oifigiúil áirithe ag an mBreatain. Ritheadh 'Welsh Language Act' in 1993 agus tá foráil ann gur cheart go mbeadh seirbhísí sa Bhreatain Bheag ar fáil don phobal trí mheán na Breatnaise. Cuireadh an 'Welsh Language Board' ar bun (a bhfuil an 'Welsh Language Commissioner' air ó 2012 i leith) chun an uailmhian sin a chur chun cinn agus iallach a chur ar chomhlachtaí agus institiúidí na dualgais sin a chomhlíonadh. I gcás na foclaíochta, tá soláthar áirithe de théarmaíocht LADTA+ ann in *The Welsh Academy English-Welsh Dictionary Online* agus *A Dictionary of the Welsh Language*. Ó thaobh na téarmaíochta i gcoitinne de, tá *BydTermCymru*, arb ionann é agus bunachar téarmaíochta arna stiúradh ag Rialtas na Breataine Bige ina bhfuil thart ar 73,000 iontráil san iomlán. Tá soláthar réasúnta de théarmaíocht LADTA+ ar fáil ar an suíomh sin, chomh maith. Anuas air sin, tá 'Welsh National Terminology Portal' ann ón mbliain 1993 i bhfoirmeacha clóite agus mar thairseach dhigiteach téarmaíochta arna stiúradh ag Prifysgol Bangor san am i láthair. Tá neart téarmaí a bhaineann le cúrsaí LADTA+ sa bhunachar sin agus bíonn téarmeolaithe ag obair go leanúnach ar théarmaí nua. Roimh na mór-iarrachtaí sin, chuir Bord Teanga na Breatnaise mionfhoclóir eile le chéile bunaithe ar chearta an duine ina bhfuil soláthar áirithe de théarmaíocht LADTA+, freisin. Tá an pobal acadúil ag cur suim níos mó sna ceisteanna seo, chomh maith, agus tá forás ag teacht de réir a chéile ar an ngort léinn trí chéile. (Ina measc siúd tá John Walsh agus Seán Mac Risteaird (Gaeilge), Emily McEwan (Gàidhlig) mar aon le Jonathan Morris, Sam Parker & Cathryn Charnell White (Cymraeg), mar shampla.)

Mar fhocal scoir, is léir go gcabhraíonn rannpháirtíocht an phobail le méadú réimse i dtéarmaíocht LADTA+ a chur chun cinn. Gan idirghabháil ó eagraíochtaí oifigiúla, áfach, is srianta a bhíonn éifeacht, leanúnachas agus tionchar cur chuige den chineál sin. Cé go gceaptar go bhfuil an saghas sin idirghabhála dearfach chun téarmaíocht in aon réimse a scaipeadh, tá cur chuige níos caighdeánaithe ag teastáil. Anuas air sin, bíonn plé le heagrais téarmaíochta de dhíth leis an leanúnachas a dheimhniú. Cabhraíonn eagrais téarmaíochta leis an bpobal LADTA+ (nó le pobal ar bith eile, go deimhin) le méadú réimse a bhaint amach. Feictear é sin sa líon mór téarmaí Gaeilge atá ar fáil sa réimse sin ar an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta ar líne. Ní chaomhnófar a leithéid ach amháin má bhíonn ionchur gníomhach agus cothaitheach ó bhail an phobail ar bhonn fadtéarma chun tírdhreach na téarmaíochta – a bhíonn de shíor ag athrú – a chur san áireamh laistigh de réimse ar bith, LADTA+ nó eile. Cé nach gné nua í téarmaíocht

thagrach sa réimse seo, níor cuireadh béim uirthi go dtí le déanaí. An fás atá ag teacht ar dhearcadh níos liobráláí agus níos tuisceanaí i leith phobal LADTA+ is cúis leis sin. De cheal litríocht acadúil atá cothrom le dáta i réimse fhorbairt na téarmaíochta sna teangacha Ceilteacha seo, feictear go ríléir na dúshlán ar gá dul i ngleic leo agus téarmaíocht nua á cumadh — go háirithe má táthar chun laghdú réimse a sheachaint. Leagann reachtaíocht, dlíthe agus cáipéisíocht oifigiúil ar cheisteanna LADTA+ béim ar thábhacht an chomhair idir cuir chuige ón bpobal agus cleachtas téarmaíochta caighdeánaithe. Ar deireadh thiar, mura ndéantar an téarmaíocht a fhorbairt agus a tharchur i gceart nó mura ndéantar monatóireacht cheart ar a forbairt, conas *nach* mbeadh aistriúoirí, taighdeoirí agus an pobal i gcoitinne thíos leis? Is gá cluas éisteachta a thabhairt don phobal LADTA+ ach, ag an am céanna, ní mór don phobal sin brath ar eagrais amhail An Coiste Téarmaíochta chun an soláthar téarmaíochta a fhorbairt, a chothabháil agus a dhearbhu de réir mar is gá.

## TAGAIRTÍ

BydTermCymru. Ar fáil ag: <https://www.gov.wales/bydtermcymru> (Arna rochtain: 12 Aibreán 2023).

Laurén, C., Myking, J., & Picht, H. (2002). Language and domains: a proposal for a domain dynamics taxonomy. *LSP and Professional Communication*, 2(2), 23-30.

LGBTQ Terminology in the Celtic Languages (2021). Ar fáil ag: <http://celticstudents.blogspot.com/2021/02/lgbtq-terminology-in-celtic-languages.html> (Arna rochtain: 12 Aibreán, 2023).

Lavender Languages - Book of Abstracts. Ar fáil ag: <http://www.lavlang28.unict.it/sites/default/files/files/Book%20of%20abstracts%20latest.pdf> (Arna rochtain: 25 Aibreán 2023).

Mac Eoghain, T. (2022). *An Foclóir Aiteach*. (Baile Átha Cliath: Aontas na Mac Léinn in Éirinn. An dara heagrán).

McEwan, E. (2017). 'The Gaelic for "Gay"', *Gaelic.co*, 15 Feabhra. Ar fáil ag: <https://gaelic.co/gay-gaelic/> (Arna rochtain: 12 Aibreán, 2023).

Ní Choisdealbha, L. (2018). *An Foclóir Aiteach*. (Baile Átha Cliath: Aontas na Mac Léinn in Éirinn. An chéad eagrán).

Robertson, B., & MacDonald, I. (2004). *Gaelic dictionary: Teach Yourself*. (London: John Murray Press).

Watson, A. (2001). *The essential Gaelic-English, English-Gaelic dictionary*. (Edinburgh: Birlann).

Watson, A. (2005). *The essential Gaelic-English, English-Gaelic dictionary*. (Edinburgh: Birlann).

Watson, A. (2012). *The essential Gaelic-English, English-Gaelic dictionary*. (Edinburgh: Birlann).

Welsh language standards, Equality and Human Rights Commission. Ar fáil ag:

<https://www.equalityhumanrights.com/en/corporate-reporting/equality-and-diversity/welsh-language-standards> (Arna rochtain: 12 Aibreán, 2023).

Welsh National Terminology Portal. Ar fáil ag: <https://termau.cymru/?lang=en> (Arna rochtain: 25 Aibreán 2023).